

*Déardaoin, 2 Nollaig, 2010*  
*Thursday, 2nd December, 2010*

10.30 a.m.

---

RIAR NA hOIBRE  
*Order Paper*

---

GNÓ POIBLÍ  
*Public Business*

---

*Tairiscintí:*  
*Motions:*

1. “Go molann an Coiste um Nós Imeachta agus Pribhléidí, de bhun Bhuan-Ordú 89(1)(a), go leasófar Buan-Orduithe Sheanad Éireann i dtaobh Gnó Phoiblí leis seo mar a leanas:—

**(a) BUAN-ORDUITHE 98A, 98B, 98C, 98D agus 98E:**

‘98A. (1) Beidh arna bhunú i dtosach gach Seanaid, Roghchoiste a mbeidh na cumhachtaí a leagtar amach i mBuan-Orduithe 98C, 98D agus 98E arna dtabhairt dó.

(2) Déanfaidh an Seanad, tráth nach déanaí ná an tríú lá suí i ndiaidh thosach sin an tSeanaid agus ar ainmniú an Choiste Roghnóireachta, sé chomhalta a cheapadh chuig an Roghchoiste a bhunófar faoi mhír (1) den Bhuan-Ordú seo, ar córam triúr díobh, agus le linn dó é sin a dhéanamh, déanfaidh sé—

(a) na feidhmeanna a bheidh le comhlíonadh ag an Roghchoiste a mhíniú, agus

(b) na cumhachtaí, más ann, a bheidh le tarmligeán chun an Roghchoiste faoi Bhuan-Ordú 70 a mhíniú.

98B. (1) Maidir le Roghchoiste dá mbeidh cumhachtaí tugtha faoi Bhuan-Orduithe 98C, 98D nó 98E agus a

That, pursuant to Standing Order 89(1)(a) the Committee on Procedure and Privileges recommends that the Standing Orders of Seanad Éireann relative to Public Business are hereby amended as follows:

**(a) STANDING ORDERS 98A, 98B, 98C, 98D and 98E:**

‘98A. (1) There shall stand established, at the commencement of every Seanad, a Select Committee which shall stand conferred with the powers set out in Standing Orders 98C, 98D and 98E.

(2) The Seanad shall, not later than the third sitting day following such commencement and on the nomination of the Committee of Selection, appoint six members to the Select Committee established under paragraph (1) of this Standing Order, of whom three shall constitute a quorum, and in so doing, shall —

(a) define the functions to be performed by the Select Committee, and

(b) define the powers, if any, to be devolved upon the Select Committee under Standing Order 70.

98B. (1) A Select Committee on which powers have been conferred under Standing Orders 98C, 98D or

bheidh comhcheangailte le Roghchoiste arna cheapadh ag Dáil Éireann chun Comhchoiste a dhéanamh, féadfaidh sé a chinneadh, áfach, gníomhú mar Roghchoiste den Seanad maidir le ní sonraithe nó nithe sonraithe nó ar feadh tréimhse ama sonraithe chun na cumhachtaí a dúradh a fheidhmiú.

(2) Beidh sé ina threoir do Roghchoiste dá mbeidh cumhachtaí tugtha faoi Bhuan-Orduithe 98C, 98D nó 98E nach ndéanfaidh sé breithniú ar aon ní a chuimsítear leis na Buan-Orduithe a luadh cheana i gcás go mbeidh an ní sin á bhreithniú cheana féin ag Roghchoiste eile.

(3) Beidh de chumhacht ag gach Roghchoiste dá mbeidh cumhachtaí tugtha faoi Bhuan-Orduithe 98C, 98D nó 98E a iarraidh ar Roghchoiste eile de cheachtar Teach dá mbeidh na cumhachtaí sin tugtha sa tslí chéanna go dtionólfar comhchruinniú den dá Choiste chun ní sonrach nó nithe sonracha comhghníomaíochta a bhreithniú agus, i gcás aon chomhchruinnithe den sórt sin—

(a) gníomhóidh Cathaoirleach an Choiste iarrthaigh mar Chathaoirleach agus, mura féidir don Chathaoirleach a bheith i láthair, beidh feidhm ag forálacha Bhuan-Ordú 78(2) agus (3);

(b) beidh feidhm ag forálacha an dá Choiste i dtaobh córaim fairis an modhnú go laghdófar gach córam den sórt sin de leath agus ansin go gcothromrófar é suas go dtí an chéad slánuimhir eile is gaire; agus

(c) ní bheidh feidhm ag orduithe tagartha an dá Choiste ach amháin a mhéid is orduithe iad a bhaineann leis an dá Choiste.

98E and which has been joined with a Select Committee appointed by Dáil Éireann to form a Joint Committee may nevertheless decide to act as a Select Committee of the Seanad in respect of a specified matter or matters or for a specified time period for the purpose of exercising the said powers.

(2) It shall be an instruction to a Select Committee on which powers have been conferred under Standing Orders 98C, 98D or 98E that it shall not enter into consideration of any matter comprehended by the aforementioned Standing Orders where such matter is already under consideration by another Select Committee.

(3) Each Select Committee on which powers have been conferred under Standing Orders 98C, 98D or 98E shall have power to request of another Select Committee of either House on which such powers have been similarly conferred that a joint meeting of both Committees be held to consider a specific matter or matters of common activity and, in the case of any such joint meeting—

(a) the Chairman of the requesting Committee shall act as Chairman and, in the unavoidable absence of the Chairman, the provisions of Standing Order 78(2) and (3) shall apply;

(b) the quorum provisions of both Committees shall apply with the modification that each such quorum shall be halved and then rounded up to the next nearest whole number; and

(c) the orders of reference of the two Committees shall apply only insofar as they are common to both.

98C. (1) De réir Airteagal 6 de Phrótacal Uimh. 2 a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (*Prótacal maidir le Prionsabail na Coimhdeachta agus na Comhréireachta a Chur i bhFeidhm*) arna chur chun feidhme le halt 7(3) d'Acht an Aontais Eorpaigh 2009, féadfaidh an Seanad a chumhachtú do Roghchoiste tuairim réasúnaithe a fhoirmiú nach gcomhlíonann dréachtghníomh reachtach (de réir bhrí Airteagal 3 den Phrótacal sin) prionsabal na coimhdeachta.

(2) Beidh gach dréachtghníomh reachtach a chuirfear ar aghaidh chuig an Seanad faoi Airteagal 4 den Phrótacal a dúradh arna tharchur chuig Roghchoiste a chumhachtaítear faoin mBuan-Ordú seo.

(3) Beidh sé ina threoir do Roghchoiste a chumhachtaítear faoin mBuan-Ordú seo—

- (a) le linn dó tuairim réasúnaithe a fhoirmiú i dtaobh an gcomhlíonann dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta, go rachaidh an Coiste i gcomhairle le cibé Coistí eile agus le cibé páirtithe leasmhara is cú leis;
- (b) más rud é gurb é tuairim an Choiste nach gcomhlíonann dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta, go ndéanfaidh sé tuairim réasúnaithe sa chéill sin a chur isteach ar mhodh tuarascála a leagfar os comhair an tSeanaid;
- (c) i gcás go mbeidh tuarascáil leagtha ag an gCoiste faoi mhír (3)(b) den Bhuan-Ordú seo, go ndéanfaidh an Cathaoirleach, láithreach, tairiscint maidir léi a chur síos faoi alt 7(3) d'Acht an Aontais Eorpaigh 2009; agus
- (d) i gcás go n-aontaíonn an Seanad an tairiscint dá dtagraítear i mír (3)(c) den

98C. (1) In accordance with Article 6 of Protocol No. 2 to the Treaty on European Union and the Treaty on the Functioning of the European Union (*Protocol on the Application of the Principles of Subsidiarity and Proportionality*) as applied by section 7(3) of the European Union Act 2009, the Seanad may empower a Select Committee to form a reasoned opinion that a draft legislative act (within the meaning of Article 3 of the said Protocol) does not comply with the principle of subsidiarity.

(2) All draft legislative acts forwarded to the Seanad under Article 4 of the said Protocol shall stand referred to a Select Committee empowered under this Standing Order.

(3) It shall be an instruction to a Select Committee empowered under this Standing Order that—

- (a) in forming a reasoned opinion on whether a draft legislative act complies with the principle of subsidiarity, the Committee shall consult with such other Committees and such stakeholders as it considers appropriate;
- (b) where the Committee is of the opinion that a draft legislative act does not comply with the principle of subsidiarity, it shall submit a reasoned opinion to this effect by way of a report which shall be laid before the Seanad;
- (c) where a report has been laid by the Committee under paragraph (3) (b) of this Standing Order, the Chairman shall forthwith table a motion thereon under section 7(3) of the European Union Act 2009; and
- (d) where the Seanad agrees the motion referred to in paragraph (3) (c) of this

Bhuan-Ordú seo, go gcuirfidh an Cathaoirleach faoi deara cóip den Rún, mar aon le cóip den tuarascáil dá dtagraítear i mír (c), a chur chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Uachtarán an Choimisiúin.

Standing Order, the Cathaoirleach shall cause a copy of the Resolution, together with a copy of the report referred to in paragraph (c), to be sent to the Presidents of the European Parliament, the Council and the Commission.

98D. (1) Féadfaidh an Seanad a chumhachtú do Roghchoiste breithniú a dhéanamh ar cibé fógraí—

98D. (1) The Seanad may empower a Select Committee to consider such notifications under—

(a) faoin tríú fomhír d’Airteagal 48.7 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (*passerelle ginearálta*: athrú ó ghníomhú d’aon toil go dtí gníomhú trí thromlach cáilithe nó ó nós imeachta reachtach speisialta go dtí gnáthnós imeachta reachtach) arna cur chun feidhme le halt 7(1) d’Acht an Aontais Eorpaigh 2009, agus

(a) the third subparagraph of Article 48.7 of the Treaty on European Union (*general passerelle*: change from unanimity to qualified majority or from special legislative procedure to ordinary legislative procedure) as applied by section 7(1) of the European Union Act 2009, and

(b) faoin tríú fomhír d’Airteagal 81.3 den Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh (*passerelle dhlí an teaghlaigh*: athrú go dtí gnáthnós imeachta reachtach le haghaidh beart a bhaineann leis an dlí teaghlaigh agus a mbeidh impleachtaí trasteorann acu) arna cur chun feidhme le halt 7(2) d’Acht an Aontais Eorpaigh 2009,

(b) the third subparagraph of Article 81.3 of the Treaty on the Functioning of the European Union (*family law passerelle*: change to ordinary legislative procedure for measures concerning family law with cross-border implications) as applied by section 7(2) of the European Union Act 2009,

a tharchuirfidh an Seanad chuig an gCoiste ó am go ham.

as may be referred to the Committee from time to time by the Seanad.

(2) Beidh sé ina threoir do Roghchoiste a chumhachtaítear faoin mBuan-Ordú seo—

(2) It shall be an instruction to a Select Committee empowered under this Standing Order that—

(a) e linn dó fógraí den sórt sin a bhreithniú, go rachaidh an Coiste i gcomhairle le cibé Coistí eile agus le cibé páirtithe leasmhara is cuí leis;

(a) in considering such notifications, the Committee shall consult with such other Committees and such stakeholders as it considers appropriate;

(b) i gcás go mbeidh an Coiste i gcoinne an chinnidh dá dtagraíonn an fógra, go leagfaidh sé tuarascáil sa chéill sin os comhair an tSeanaid;

(b) where the Committee is opposed to the decision to which the notification refers, it shall lay a report to this effect before the Seanad;

(c) i gcás go mbeidh tuarascáil leagtha ag an gCoiste faoi mhír (2)(b) den Bhuan-Ordú seo, go ndéanfaidh an Cathaoirleach, láithreach, tairiscint maidir léi a chur síos faoi alt 7(1) nó 7(2) d'Acht an Aontais Eorpaigh 2009, mar is cuí; agus

(d) i gcás nach mbeidh an Coiste i gcoinne an chinnidh dá dtagraíonn an fógra, go gcuirfidh sé Teachtaireacht sa chéill sin chun an tSeanaid de réir an nós imeachta atá leagtha amach i mBuan-Ordú 72.

(3) Cuirfidh an Cathaoirleach faoi deara cóip de gach Rún arna dhéanamh ag an Seanad faoi mhír (2)(c) den Bhuan-Ordú seo a chur chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí nó chuig an gComhairle de réir mar is cuí, mar aon le cóip den Tuarascáil dá dtagraíonn an Rún.

98E. (1) De réir Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 2 a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (*Prótacal maidir le Prionsabail na Coimhdeachta agus na Comhréireachta a Chur i bhFeidhm*) arna chur chun feidhme le halt 7(4) d'Acht an Aontais Eorpaigh 2009, féadfaidh an Seanad a chumhachtú do Roghchoiste breithniú a dhéanamh i dtaobh an ndéanann aon ghníomh de chuid institiúide den Aontas Eorpach sárú ar phrionsabal na coimhdeachta.

(2) Beidh sé ina threoir do Roghchoiste a chumhachtaítear faoin mBuan-Ordú seo—

(a) le linn dó breithniú a dhéanamh i dtaobh an ndéanann gníomh de chuid institiúide den Aontas Eorpach sárú ar phrionsabal na coimhdeachta, go rachaidh an Coiste i gcomhairle le cibé Coistí eile agus le cibé páirtithe leasmhara is cuí leis;

(b) más rud é—

(i) gurb é tuairim an Choiste go ndéanann gníomh de chuid

(c) where a report has been laid by the Committee under paragraph (2)(b) of this Standing Order, the Chairman shall forthwith table a motion thereon under section 7(1) or 7(2) of the European Union Act 2009, as appropriate; and

(d) where the Committee is not opposed to the decision to which the notification refers, it shall send a Message to this effect to the Seanad in accordance with the procedure set out in Standing Order 72.

(3) The Cathaoirleach shall cause a copy of all Resolutions made by the Seanad under paragraph (2)(c) of this Standing Order to be sent to the President of the European Council or the Council as appropriate, together with a copy of the Report to which the Resolution refers.

98E. (1) In accordance with Article 8 of Protocol No. 2 to the Treaty on European Union and the Treaty on the Functioning of the European Union (*Protocol on the Application of the Principles of Subsidiarity and Proportionality*) as applied by section 7(4) of the European Union Act 2009, the Seanad may empower a Select Committee to consider whether any act of an institution of the European Union infringes the principle of subsidiarity.

(2) It shall be an instruction to a Select Committee empowered under this Standing Order that—

(a) in considering whether an act of an institution of the European Union infringes the principle of subsidiarity, the Committee shall consult with such other Committees and such stakeholders as it considers appropriate;

(b) where the Committee is—

(i) of the opinion that an act of an institution of the European

institiúide den Aontas Eorpach sárú ar phrionsabal na coimhdeachta; agus

- (ii) gur mian leis an gCoiste go ndéanfaí imeachtaí ag lorg athbhreithniú ar an ngníomh lena mbaineann a thionscnamh i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh,

go leagfaidh sé tuarascáil sa chéill sin os comhair an tSeanaid; agus

- (c) i gcás go mbeidh tuarascáil leagtha ag an gCoiste faoi mhír (2)(b) den Bhuan-Ordú seo, go déanfaidh an Cathaoirleach, láithreach, tairiscint maidir léi a chur síos faoi alt 7(4) d’Acht an Aontais Eorpaigh 2009.

(3) Cuirfidh an Cathaoirleach faoi deara cóip de gach Rún arna dhéanamh ag an Seanad de réir mhír (2)(c) den Bhuan-Ordú seo a chur chuig an Aire iomchuí.

Union infringes the principle of subsidiarity; and

- (ii) wishes that proceedings seeking a review of the act concerned be brought to the Court of Justice of the European Union,

it shall lay a report to this effect before the Seanad; and

- (c) where a report has been laid by the Committee under paragraph (2)(b) of this Standing Order, the Chairman shall forthwith table a motion thereon under section 7(4) of the European Union Act 2009.

(3) The Cathaoirleach shall cause a copy of all Resolutions made by the Seanad in accordance with paragraph (2)(c) of this Standing Order to be sent to the relevant Minister.

—*Senator Donie Cassidy.*

## **2. An Comhchoiste um Ghnóthaí Eorpacha** *Joint Committee on European Affairs*

“Go leasófar Ordú an 24 Deireadh Fómhair, 2007 ón Seanad, lenar bunaíodh an Chomhchoiste um Ghnóthaí Eorpacha—

1. trí ‘agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh’ a chur isteach i ndiaidh ‘leis an gConradh ar an Aontas Eorpach i mír (1)(a)(i);

2. trí ‘ag Coimisiún na gComhphobal Eorpach’ a scriosadh agus ‘ag an gCoimisiún Eorpach’ a chur ina ionad i mír (1)(a)(ii)(I);

3. trí ‘Achtanna na gComhphobal Eorpach 1972 go 2007’ a scriosadh agus ‘Achtanna na gComhphobal Eorpach 1972 go 2009’ a chur ina ionad i mír (1)(a)(ii)(IV);

4. trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (1)(a)(ii)(VI):

“That the Order of the Seanad of 24th October, 2007, establishing the Joint Committee on European Affairs be amended by—

1. the insertion, after ‘Treaty on European Union’ in paragraph (1)(a)(i) of ‘and the Treaty on the Functioning of the European Union’;

2. the deletion in paragraph (1)(a)(ii)(I) of ‘Commission of the European Communities’ and the substitution therefor of ‘European Commission’;

3. the deletion in paragraph (1)(a)(ii)(IV) of ‘European Communities Acts 1972 to 2007’ and the substitution therefor of ‘European Communities Acts 1972 to 2009’;

4. the insertion of the following paragraphs after paragraph (1)(a)(ii)(VI):

‘(VII) fógraí i dtaobh tograí chun na Conarthaí a leasú ar fógraí iad arna bhfáil ón gComhairle Eorpach de bhun Airteagal 48.2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus

(VIII) fógraí i dtaobh iarratas ar bhallraíocht den Aontas Eorpach ar fógraí iad arna bhfáil ón gComhairle Eorpach de bhun Airteagal 48.2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach;’;

5. tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (1)(a):

(ab) De réir Bhuan-Ordú 78, toghfaidh an Roghchoiste, sula gcuirfear tús lena ghnó, duine dá chomhaltaí chun bheith ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach air agus is córam ceithre chomhalta.’

6. tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (1)(b)(i):

“(ii) na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 98D(1)(a) agus 98E”; agus

7. trí ‘sna Comhphobail Eorpacha’ a scriosadh gach áit eile a bhfuil sé agus ‘san Aontas Eorpach’ a chur ina ionad agus ‘na gComhpobal Eorpach’ a scriosadh gach áit eile a bhfuil sé agus ‘an Aontais Eorpaigh’ a chur ina ionad’.”.

‘(VII) notifications of proposals for the amendment of the Treaties received from the European Council pursuant to Article 48.2 of the Treaty on European Union, and

(VIII) notifications of applications for membership of the European Union received from the European Council pursuant to Article 49 of the Treaty on European Union;’;

5. the insertion of the following paragraph after paragraph (1)(a):

(ab) In accordance with Standing Order 78, the Select Committee shall, previous to the commencement of its business, elect one of its members to be Chairman, and four members shall constitute a quorum.’

6. the insertion of the following paragraph after paragraph (1)(b)(i):

“(ii) the powers defined in Standing Orders 98D(1)(a) and 98E”; and

7. the deletion of ‘European Communities’ in each place where it otherwise occurs and the substitution therefor of ‘European Union’.”.

—*Senator Donie Cassidy.*

### **3. An Comhchoiste um Ghrinnscrúdú *Joint Committee on European Scrutiny*** ***Eorpach***

“Go leasófar Ordú an 24 Deireadh Fómhair, 2007 ón Seanad, lenar bunaíodh an Comhchoiste um Ghnóthaí Eorpacha mar a leanas:

1. i mír (1) trí ‘4 chomhalta’ a scriosadh agus ‘6 chomhalta’ a chur ina ionad; agus

2. trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

‘(ab) De réir Bhuan-Ordú 78, toghfaidh an Roghchoiste, sula gcuirfear tús lena ghnó, duine

That the Order of the Seanad of 24th October, 2007, establishing the Joint Committee on European Scrutiny be amended as follows:

1. in paragraph (1), by the deletion of ‘4 members’ and the substitution therefor of ‘6 members’; and

2. by the insertion of the following paragraphs after paragraph (a):

“(ab) In accordance with Standing Order 78, the Select Committee shall, previous to

dá chomhaltaí chun bheith ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach air agus is córam trí chomhalta.

the commencement of its business, elect one of its members to be Chairman, and three members shall constitute a quorum.

(ac) Beidh ag an Roghchoiste na cumhachtaí a leagtar amach i mBuan-Orduithe 98C agus 98E.’”

(ac) The Select Committee shall have the powers set out in Standing Orders 98C and 98E.’”

—*Senator Donie Cassidy.*

#### 4. *An Comhchoiste um Dhlí agus Ceart, Cosaint agus Cearta na mBan*

#### *Joint Committee on Justice, Defence and Women’s Rights*

“Go leasófar Ordú an 24 Deireadh Fómhair, 2007, ón Seanad, lenar bunaíodh an Comhchoiste um Dhlí agus Ceart, Cosaint agus Cearta na mBan mar a leanas:

“That the Order of the Seanad of 24th October, 2007, establishing the Joint Committee on Justice, Defence and Women’s Rights be amended as follows:

1. i mír (1)(a), trí ‘4 chomhalta’ a scriosadh agus ‘6 chomhalta’ a chur ina ionad; agus

1. in paragraph (1)(a), by the deletion of ‘4 members’ and the substitution therefor of ‘6 members’; and

2. trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (2) agus (4) faoi seach:

2. by the insertion of the following paragraphs after paragraph (2) and (4) respectively:

“(2A) De réir Bhuan-Ordú 78, toghfaidh an Roghchoiste, sula gcuirfear tús lena ghnó, duine dá chomhaltaí chun bheith ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach air agus is córam trí chomhalta.

“(2A) In accordance with Standing Order 78, the Select Committee shall, previous to the commencement of its business, elect one of its members to be Chairman, and three members shall constitute a quorum.

(4A) Beidh ag an Roghchoiste na cumhachtaí a leagtar amach i mBuan-Ordú 98D (1)(b).’”.

(4A) The Select Committee shall have the powers set out in Standing Order 98D (1)(b).’”.

—*Senator Donie Cassidy.*

5. “Go gcealaítear leis seo Rúin an 10 Nollaig, 2009 agus an 5 Bealtaine, 2010 ón Seanad i ndáil le Cur i nGníomh cumhachtaí nua de chuid Parlaimintí Náisiúnta faoi Chonradh Liospóin.”

That the Resolutions of the Seanad of 10th December, 2009 and 5th May, 2010 in relation to the Implementation of new powers of National Parliaments under the Lisbon Treaty are hereby rescinded.”

—*Senator Donie Cassidy.*

6. “Go ndéanann Seanad Éireann an dréacht-Ordú um Choimisiún Imscrúdúcháin (An Earnáil Bhain-

That Seanad Éireann approves the draft Commission of Investigation (Banking Sector) (Amendment) Order 2010, a copy



céireachta) (Leasú) 2010 a cheadú, ar dréacht-Ordú é ar leagadh cóip de faoi bhráid Sheanad Éireann an 19 Samhain, 2010.

of which draft Order was laid before Seanad Éireann on 19th November, 2010.”

—*Senator Donie Cassidy.*

7. “Go gceadaíonn Seanad Éireann an Stát d’fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha faoi Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, glacadh leis an mbeart seo a leanas:

That Seanad Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion under Protocol No. 21 on the position of the United Kingdom and Ireland in respect of the area of freedom, security and justice annexed to the Treaty on European Union and to the Treaty on the Functioning of the European Union, to accept the following measure:

an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le próiseáil agus aistriú Sonraí Teacht-aireachtaí Airgeadais ón Aontas Eorpach go dtí na Stáit Aontaithe chun críocha an Chláir chun Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Rianú,

the Agreement between the European Union and the United States of America on the processing and transfer of Financial Messaging Data from the European Union to the United States for the purposes of the Terrorist Finance Tracking Programme,

ar leagadh cóip de faoi bhráid Seanad Éireann an 20 Iúil, 2010.

a copy of which measure was laid before Seanad Éireann on 20th July, 2010.”

—*Senator Donie Cassidy.*

8. Ráitis maidir le Clár AE/CAI d’Éirinn agus leis an bPlean um Théarnamh Náisiúnta 2011 go 2014.

Statements on the EU/IMF Programme for Ireland and the National Recovery Plan 2011 to 2014.

9. Ráitis maidir le Comhaontú Pháirc an Chrócaigh.

Statements on the Croke Park Agreement.

10. An Bille Ombudsman (Leasú) 2008 [*Dáil*] — An Dara Céim. Ombudsman (Amendment) Bill 2008 [*Dáil*] — Second Stage.

11. (l) An Bille um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2010 — An Coiste (*leasú 8, atógáil*).

(a) Communications Regulation (Postal Services) Bill 2010 — Committee (*amendment 18, resumed*).

12. An Bille Cróinéirí 2007 — An Coiste. Coroners Bill 2007 — Committee.

13. An Bille Cumarsáide (Sonraí a Choimeád) 2009 [*Dáil*] — An Coiste. Communications (Retention of Data) Bill 2009 [*Dáil*] — Committee.

- 14.** An Bille um Chonarthaí Foirgníochta 2010 — An Coiste.  
Construction Contracts Bill 2010 — Committee.

—*Senator Feargal Quinn.*

---

- 15.** Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2005 — An Dara Céim.  
Official Languages (Amendment) Bill 2005 — Second Stage.

—*Senators Joe O'Toole, Paul Coghlan, David Norris.*

---

- 16.** An Bille um Chosaint Coigiltis Comhair Creidmheasa 2008 — An Dara Céim.  
Credit Union Savings Protection Bill 2008 — Second Stage.

—*Senators Joe O'Toole, David Norris, Feargal Quinn, Shane Ross, Ivana Bacik, Rónán Mullen.*

---

- 17.** An Bille um Chumas Meabhrach agus Caomhnóireacht 2008 — An Dara Céim.  
Mental Capacity and Guardianship Bill 2008 — Second Stage.

—*Senators Joe O'Toole, David Norris, Feargal Quinn, Shane Ross, Ivana Bacik.*

---

- 18.** An Bille um Chosaint Tomhaltóirí (Leasú) 2008 — An Dara Céim.  
Consumer Protection (Amendment) Bill 2008 — Second Stage.

—*Senators Brendan Ryan, Alex White, Dominic Hannigan, Michael McCarthy, Phil Prendergast.*

---

- 19.** An Bille um Dhliteanas Sibhialta (Leasú) (Uimh. 2) 2008 — An Dara Céim.  
Civil Liability (Amendment) (No. 2) Bill 2008 — Second Stage.

—*Senators Eugene Regan, Frances Fitzgerald, Maurice Cummins.*

---

- 20.** An Bille um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) (Leasú) 2009 — An Dara Céim.

Credit Institutions (Financial Support) (Amendment) Bill 2009 — Second Stage.

—*Senators Paul Coghlan, Maurice Cummins, Frances Fitzgerald.*

---

*Bille (atógáil) (0.03 n. fágtha):*

*Bill (resumed) (0.03 m. remaining):*

- 21.** An Bille um Chosaint Aeráide 2007 — An Dara Céim (*atógáil*).  
Climate Protection Bill 2007 — Second Stage (*resumed*).

—*Senators Ivana Bacik, Joe O'Toole, Shane Ross, David Norris, Feargal Quinn.*

---

*Bille (atógáil) (0.03 n. fágtha):*

*Bill (resumed) (0.03 m. remaining):*

- 22.** An Bille um Orgáin de chuid Chorp an Duine agus Fíocháin Dhaonna 2008 — An Dara Céim (*atógáil*).

Human Body Organs and Human Tissue Bill 2008 — Second Stage (*resumed*).

—*Senator Feargal Quinn.*

---

- 23.** (l) An Bille Meabhair-Shláinte (Beartha Ainneonacha) (Leasú) 2008 — An Coiste (*alt 1, atógáil*).  
 (a) Mental Health (Involuntary Procedures) (Amendment) Bill 2008 — Committee (*section 1, resumed*).

—*Senator Dan Boyle.*

- 
- 24.** An Bille um Chiorrú Ball Giniúna Baineann 2010 — An Dara Céim (*atógáil*).  
 Female Genital Mutilation Bill 2010 — Second Stage (*resumed*).

—*Senator Ivana Bacik.*

---

*Tíolactha:*  
*Presented:*

- 25.** An Bille um Príobháideacht 2006 — Ordú don Dara Céim.  
 Privacy Bill 2006 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú maidir le Tort arb éard é Príobháideacht a Shárú; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe a bhaineann leis an méid sin.

Bill entitled an Act to provide for a Tort of Violation of Privacy; and to provide for matters connected therewith.

—*Senator Donie Cassidy.*

- 
- 26.** An Bille um Fhorais Chultúir Náisiúnta (Leasú) 2008 — Ordú don Dara Céim.  
 National Cultural Institutions (Amendment) Bill 2008 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997.

Bill entitled an Act to amend the National Cultural Institutions Act 1997.

—*Senator Alex White.*

- 
- 27.** An Bille um Réamhchinntí Cúraim Sláinte 2010 — Ordú don Dara Céim.  
 Advance Healthcare Decisions Bill 2010 — Order for Second Stage.

